MediaWise

# Réamhrá




Sa lá atá inniu ann bíonn leanaí timpeallaithe ag teachtaireachtaí margaíochta i bhformhór na réimsí ina saol. Tá na teachtaireachtaí sin chomh forleathan agus chomh háititheach go bhfuil sé tábhachtach a chur ina luí ar leanaí na nithe atá á rá ag na teachtaireachtaí sin a thuiscint.

Is Acmhainn litearthachta SAOR IN AISCE é MediaWise a forbraíodh le húsáid sna ranganna Bunscoile go léir. An aidhm atá leis ná cuidiú le leanaí a bhfeasacht agus a dtuiscint ar na meáin, ar fhógraíocht agus ar mhargaíocht a fhorbairt. Cuideoidh sé seo le leanaí cinntí níos eolasaí a dhéanamh faoina riachtanais agus a mianta bunaithe ar na teachtaireachtaí margaíochta atá mórthimpeall orthu.


## Cuspóir foghlama


Is é cuspóir MediaWise na scileanna saoil a thabhairt do leanaí a mbeidh gá acu leo chun smacht iomlán a fháil ar na cineálacha éagsúla meáin a bhíonn ag síorathrú agus a bhíonn ar fáil dóibh. Bunaithe ar an gcreat inniúlachta don litearthacht sna meáin a chuir Údarás Craolacháin na hÉireann ar fáil, tá sé mar aidhm leis an acmhainn seo cuidiú le leanaí tuiscint a fháil ar ábhair agus seirbhísí agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh orthusan ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh sna meáin chraolta, chlóite agus eile.

## Torthaí foghlama

**Ar chur i gcrích na hacmhainne seo beidh na leanaí in ann na nithe seo a dhéanamh:**

- Sainaithint – cineálacha éagsúla fógraíochta a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu
- Anailísiú – cuspóir raon fógraí a thuiscint, chomh maith leis na teicnící a úsáidtear chun tionchar a imirt ar dhaoine
- Míniú – a mhíniú conas a mhúnlaíonn rialacha fógraíochta na fógraí a fheicimid
- Meastóireacht – cuidiú le leanaí smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt faoin saol tráchtála timpeall orthu agus cuidiú leo roghanna níos eolasaí a dhéanamh.






## Fócas Curaclaim

Cuideoidh naisc churaclaim leat a fheiceáil conas a nascann MediaWise le do chuid teagaisc chun cuidiú le forbairt na foghlama i do sheomra ranga. Cuimsíonn an acmhainn seo a lán réimsí, mar shampla Teanga, OSPS, OSIE, Drámaíocht, Tíreolaíocht, na hAmharcealaíona, Stair agus Matamaitic.

| **Naisc Churaclaim do Ranganna 5 agus 6** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Teanga | OSPS | OSIE | Drámaíocht | Tíreolaíocht | Na hAmharcealaíona |

## Ag úsáid MediaWise

Is acmhainn ar líne é MediaWise. Tá ocht gceacht ann le haghaidh gach gráid ranga, ag forbairt ar bhealach bíseach thar thréimhse forbartha an linbh. Is féidir leat úsáid a bhaint as MediaWise i gceachtanna le linn na seachtaine scoile, mar go mbaintear leas san acmhainn seo as modheolaíochtaí éagsúla teagaisc agus foghlama ar fud churaclam na bunscoile.

**Dearadh gach ceacht mar sheisiún 40 nóiméad. Cuimsítear i nótaí an mhúinteora imlíne de gach ceacht lena n-áirítear iad seo a leanas:**

- An cuspóir foghlama
- An toradh foghlama
- Na hacmhainní le húsáid
- An mhodheolaíocht.

**Treoir mhionsonrach don cheacht, lena n-áirítear:**

- Bileoga oibre na ndaltaí
- Gníomhaíochtaí
- Gníomhaíochtaí idirghníomhacha.

Is féidir leat iad seo a úsáid go solúbtha agus iad a chur in oiriúint don méid ama a bheidh ar fáil duit.

Áiríonn MediaWise roinnt fíorfhógraí freisin mar thagairt ar féidir úsáid a bhaint astu le linn na gceachtanna agus chun gníomhaíochtaí eile litearthachta sna meáin a spreagadh amach anseo.

## Buíochas

Is mian le ***safe*****food** buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach sa tionscadal, go háirithe na múinteoirí scoile agus na leanaí a ghlac páirt sa chéim phíolótach agus a chuir a gcuid ama ar fáil go fial flaithiúil chun an acmhainn a fhorbairt ag an gcéim sin.

Ní fhéadfaí MediaWise a fhorbairt gan cion agus dianobair Sheena Horgan, Iriseoir, Údar agus Sainchomhairleoir sa Mhargaíocht Shóisialta, i bhforbairt struchtúr agus imlíne ábhair na hacmhainne agus comhairle agus ionchur Gearoid McCauley, Múinteoir i mBunscoil St. Senan's, Inis Córthaidh, mar chleachtóir lán taithí. Bhí páirt lárnach ag Corinna Hardgrave, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath atá ina Comhalta de chuid ***safe*****food**, i bhforbairt an tionscadail. Tá liosta iomlán na gcomhaltaí comhairleacha ag deireadh na hacmhainne seo.

MediaWise
# Forléargas




## Topaicí agus ceachtanna


| | | |
|---|---|---|
| **Topaic 1**<br>Cad iad na Meáin Chumarsáide? | **Ceacht 1**<br>A thuiscint go bhfuil sé i gceist leis an meáin 'teachtaireacht' a chur ina luí orainn agus a thuiscint go bhfuil sé mar sprioc ag an bhfógraíocht ceann amháin de cheithre rud a bhaint amach:<br>• Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn<br>• Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach<br>• Áitiú orainn ár n-iompar a athrú<br>• Dearcadh a chur chun cinn | **Ceacht 2**<br>Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann measúnú a dhéanamh ar an dearcadh arna chur i láthair sna meáin agus an rogha a dhéanamh an aontaíonn siad nó an easaontaíonn siad leis an dearcadh sin, mar shampla dearcthaí éagsúla i leith leanaí a bheith ag úsáid na meán nua-aimseartha |
| **Topaic 2**<br>An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide | **Ceacht 3**<br>A aithint gur féidir le roinnt fógraíochta mothúcháin a úsáid chun tionchar a imirt ar dhaoine agus a chur ina luí orainn go bhfuil rud éigin de dhíth orainn. | **Ceacht 4**<br>A thuiscint go bhfuil sraith rialacha ag tionscal an meán cumarsáide, agus a bheith in ann a mhíniú cén fáth a bhfuil na rialacha sin riachtanach. |
| **Topaic 3**<br>Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana? | **Ceacht 5**<br>Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na dteachtaireachtaí faoi cheilt sna meáin agus idirdhealú a dhéanamh idir dearcthaí éagsúla agus díospóireacht a bheith ann faoi mheáin sa tsochaí chomhaimseartha agus an úsáid a bhaineann leanaí astu. | **Ceacht 6**<br>A aithint nuair a úsáidtear steiríotíopáil sna meáin. |
| **Topaic 4**<br>An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn. | **Ceacht 7**<br>Comparáid a déanamh idir cén tuairim a bheadh ag spriocghrúpaí éagsúla i leith an fhógra chéanna, agus a aithint gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoise faisnéise agus mífhaisnéise | **Ceacht 8**<br>A thuiscint go dtugann na meáin guth dúinn agus feachtas faisnéise meáin a chruthú chun an guth sin a úsáid. |

**Ba cheart go gcuideodh MediaWise leis na leanaí i Rang 5 agus Rang 6 na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

1. A thuiscint go bhfuil sé mar sprioc ag an bhfógraíocht ceann amháin de cheithre rud a bhaint amach:
   - Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
   - Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
   - Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
   - Dearcadh a chur chun cinn
2. Measúnú a dhéanamh ar na dearcthaí a chuirtear i láthair sna meáin agus an rogha a dhéanamh aontú nó easaontú leo, mar shampla dearcthaí éagsúla i leith leanaí a bheith ag úsáid meáin nua-aimseartha.
3. A aithint conas a bhaineann roinnt fógraíochta úsáid as na mothúcháin chun tionchar a imirt orainn agus a chur ina luí orainn go bhfuil rud éigin de dhíth orainn.

4 A thuiscint go bhfuil sraith rialacha ag tionscal an meán cumarsáide, agus a bheith in ann a mhíniú cén fáth a bhfuil na rialacha sin riachtanach.

5. Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na dteachtaireachtaí faoi cheilt sna meáin agus idirdhealú a dhéanamh idir dearcthaí éagsúla agus díospóireacht a bheith ann faoi mheáin sa tsochaí chomhaimseartha agus an úsáid a bhaineann leanaí astu.
6. A aithint nuair a úsáidtear steiríotíopáil sna meáin.
7. Comparáid a déanamh idir cén tuairim a bheadh ag spriocghrúpaí éagsúla i leith an fhógra chéanna, agus a aithint gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoise faisnéise agus mífhaisnéise.
8. A thuiscint go dtugann na meáin guth dúinn.
9. Feachtas faisnéise meáin a chruthú chun an guth sin a úsáid.




# Naisc Churaclaim

## Teanga

### Labhairt

**Inniúlacht agus muinín in úsáid teanga**

- Na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha a bhíonn ag béarlagair agus cliché, agus samplaí a chur in iúl ina theanga nó ina teanga féin – sluán sa bhrandáil agus san fhógraíocht

### Léitheoireacht

**Spéiseanna, dearcthaí, agus scileanna aisghabhála faisnéise a fhorbairt chomh maith leis an gcumas smaointeoireachta**

- Idirdhealú a dhéanamh idir fíorais agus tuairimí, agus claontacht agus oibiachtúlacht, sa téacs agus sna meáin.
- Faisnéis a aimsiú atá ábhartha dá chuspóir nó dá cuspóir i dtéacsanna neamhfhicsean, i ngraif agus i sonraí pictiúrtha agus léaráideacha, agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise, agus as meáin ghrafacha agus leictreonacha.

### Scríbhneoireacht

**Smaointe a shoiléiriú trí mheán na scríbhneoireachta**

- Scríobh ar mhaithe le cuspóir ar leith agus le haghaidh lucht léitheoireachta ar leith – samplaí de mheáin.

## OSPS

### Mise

**Ag fás agus ag athrú**

- Na slite ilghnéitheacha ina ndéantar grá a chur in iúl agus a bharraíocht a iniúchadh i meáin éagsúla, mar shampla ceol, scannáin, leabhair, irisleabhair agus meáin eile.

**Ag deanamh cinntí**

- Roghanna a dhéantar gach lá a aithint agus machnamh a dhéanamh orthu, ar leibhéil smaointeoireachta éagsúla a bhaineann le cinnteoireacht – tionchair ó phiaraí agus ó na meáin

### Mise agus Daoine Eile

**Mise agus mo theaghlach**

- Meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar an gcaoi a léiríonn na meáin an teaghlach agus saol an teaghlaigh.

### Mise agus an Domhan Mór

**Oideachas na Meán Cumarsáide**

- Éirí feasach ar na slite difriúla inar féidir eolas a chur in iúl sna meáin agus foghlaim mar gheall orthu.
- Éirí feasach ar ról na bpáipéar nuachta agus ar ról na gcineálacha éagsúla meán clóite chun teachtaireachtaí a tharchur, na teicníncí in úsáid chuige sin agus na cineálacha eolais a bhíonn sna teachtaireachtaí sin.
- Na spriocghrúpaí a bhfuil gnéithe éagsúla de na meáin dírithe orthu a aithint.
- Éirí feasach ar chineálacha éagsúla fógraíochta, ar chuspóirí na fógraíochta sin agus ar na teachtaireachtaí atá á gcur chun cinn aici.

## Drámaíocht

### Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

**Iniúchadh agus déanamh drámaíochta**

- Eolas a chur ar cé mar is féidir spás agus rudaí éagsúla a úsáid chun saol samhailteach a chruthú faoi mar dá mbeadh sé ann i ndáiríre agus chun téama sa drámaíocht a chur in iúl.
- Cuidiú le gníomhaíocht drámaíochta a eagrú lena n-áireofaí go háirithe feasacht ar theannas a bhaineann leis an téama a iniúchadh

**Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht**

- An coibhneas atá idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú.

**Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta**

- An cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta.

## Tíreolaíocht

### Scileanna imscrúdaithe tíreolaiocha

**Ag imscrúdú agus ag tástáil**

- Imscrúduithe simplí a dhéanamh, agus sonraí a bhailiú ó fhoinsí éagsúla.

**Ag Anailísiú**

- Sonraí maidir le daoine a shórtáil, a ghrúpáil agus/nó a rangú de réir gnéithe inbhreathnaithe nádúrtha ag úsáid raon critéar iomchuí.

**Ag clárú agus ag cur in iúl**

- Torthaí agus tátail a chlárú agus a léiriú agus feidhm á baint as modhanna éagsúla ar a n-áireofaí meáin bhéil, scríofa, phictiúrtha, ghrianghrafacha, léaráideacha, ghrafacha agus leictreonacha, agus ag úsáid theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

**Imshaoil Dhaonna: Daoine agus Pobail**

- Foghlaim faoi na daoine agus faoi na pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sa dúiche máguaird agus i gceantar codarsnach in Éirinn agus léirthuiscint agus meas ceart orthu a shealbhú.

## Na hAmharcealaíona

### Líníocht

**Líníochtaí a Dhéanamh**

- Líníochtaí bunaithe ar mhothúcháin a thabharfaí chun cuimhne go grinn, ar dhearbheispéireas, ar eispéireas samhlaíoch agus ar scéalta a dhéanamh.
- Líníochtaí téamacha a tharraingt ag úsáid pátrúin nuálaíocha.